Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2026/1781

17.7.2026

# CINNEADH (CBES) 2026/1781 ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA

## an 14 Iúil 2026

## maidir Ceann Misin ar Mhisean Smachta Reachta an Aontais Eorpaigh sa Chosaiv * (EULEX KOSOVO) (EULEX KOSOVO/2/2026) a cheapadh

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38, an tríú mír, de,

Ag féachaint do Ghníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/124/CBES ón gComhairle an 4 Feabhra 2008 maidir le Misean Smachta Reachta an Aontais Eorpaigh sa Chosaiv, EULEX KOSOVO ([1]), agus go háirithe Airteagal 12(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 12(2) de Ghníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/124/CBES, údaraítear don Choiste Polaitiúil agus Slándála, i gcomhréir le hAirteagal 38, an tríú mír, den Chonradh, na cinntí ábhartha a ghlacadh chun rialú polaitiúil agus treoir straitéiseach Mhisean Smachta Reachta an Aontais Eorpaigh sa Chosaiv (EULEX KOSOVO) a fheidhmiú, lena n-áirítear an cinneadh Ceann Misin a cheapadh.

(2) An 5 Meitheamh 2025, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2025/1161 ([2]), lena leasaítear Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/124/CBES agus lena gcuirtear síneadh le sainordú EULEX KOSOVO ón 15 Meitheamh 2025 go dtí an 14 Meitheamh 2027.

(3) An 13 Bealtaine 2026, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2026/1178 ([3]), lena gcuirtear síneadh le sainordú Giovanni Pietro BARBANO mar Cheann Misin ar EULEX KOSOVO ón 15 Meitheamh 2026 go dtí an 25 Meitheamh 2026.

(4) An 8 Iúil 2026, mhol Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála go gceapfaí Antero Alfarela OLIVEIRA LOPES mar Cheann Misin ar EULEX KOSOVO ón 10 Lúnasa 2026 go dtí an 14 Meitheamh 2027,

(5) Ba cheart cinneadh a dhéanamh maidir le Antero Alfarela OLIVEIRA LOPES a cheapadh mar Cheann Misin ar EULEX KOSOVO ón 10 Lúnasa 2026 go dtí an 14 Meitheamh 2027,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Ceaptar Antero Alfarela OLIVEIRA LOPES mar Cheann Misin ar Mhisean Smachta Reachta an Aontais Eorpaigh sa Chosaiv (EULEX KOSOVO) ón 10 Lúnasa 2026 go dtí an 14 Meitheamh 2027.

* Ní dochar an t-ainmniú seo do sheasaimh maidir le stádas, agus tá sé ag teacht le Rún 1244 (1999) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus le Tuairim CBI maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive.

([1]) IO L 42, 16.2.2008, lch. 92, ELI: http://data.europa.eu/eli/joint_action/2008/124/oj.

([2]) Cinneadh (CBES) 2025/1161 ón gComhairle an 5 Meitheamh 2025 lena leasaítear Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/124/CBES maidir le Misean Smachta Reachta an Aontais Eorpaigh sa Chosaiv, EULEX KOSOVO (IO L, 2025/1161, 6.6.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/1161/oj).

([3]) Cinneadh (CBES) 2026/1178 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 13 Bealtaine 2026 lena gcuirtear síneadh le sainordú Cheann Misin Mhisean Smachta Reachta an Aontais Eorpaigh sa Chosaiv (EULEX KOSOVO) (EULEX KOSOVO/1/2026) (IO L, 2026/1178, 29.5.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/1178/oj).

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 14 Iúil 2026.

*Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála*

*An Cathaoirleach*

L. MANDEL VENSILD